



An Bhruiséal, 14.7.2021
COM(2021) 567 final

2021/0204 (COD)

Togra le haghaidh

CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Treoir 2003/87/CE a mhéid a bhaineann leis an bhfógra maidir le fritháireamh i leith beart domhanda margadhbhunaithe d'oibreoirí aerárthaigh atá bunaithe san Aontas

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Tugtar isteach leasú leis an togra seo ar na rialacha eitlíochta i gCóras Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh (EU ETS) chun fógra atá le tabhairt ag na Ballstáit d'aerlínte sceidealaithe atá bunaithe san Aontas maidir leis an bhfritháireamh don bhliain 2021 faoin Scéim Fritháirithe agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta (CORSA) de chuid na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) a chur chun feidhme.

Is é is cuspóir dó an fógra sin a chur chun feidhme ar bhealach lena n-íoslaghdaítear an t-ualach riaracháin a bheidh ar údarais náisiúnta agus ar oibreoirí aerlínte sceidealaithe, agus soláthraítear leis deimhneacht dhlíthiúil a mhéid a bhaineann leis an bhfritháireamh a dhéanfaidh aerlínte sceidealaithe atá bunaithe i mBallstáit tríd an Scéim Fritháirithe agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta.

Is sásra fritháirithe é CORSA de chuid na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta i gcás inar cheart do thíortha a cheangal ar aerlínte sceidealaithe atá bunaithe sna tíortha sin astaíochtaí CO₂ a sháraíonn an bhonnlíne ábhartha de réir creidmheasanna idirnáisiúnta a fhritháireamh. I ngeall ar phaindéim COVID-19, chinn Comhairle ICAO i mí an Mheithimh 2020 gur cheart astaíochtaí 2019 a úsáid mar bhonnlíne in 2021-2023 in ionad mheánastaíochtaí 2019-2020¹. Déanfar scrúdú in athbhreithniú CORSA in 2022 ar thionchar COVID-19 ar CORSA i dtaca le saincheisteanna éagsúla.

Faoi réir na ndifríochtaí a fógraíodh in 2018² agus an bhealaigh ina leasaíonn Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle reachtaíocht an Aontais, tá sé i gceist ag an Aontas CORSA a chur chun feidhme. Dá bhrí sin, ba cheart d'aerlínte sceidealaithe atá bunaithe san Aontas creidmheasanna a thabhairt suas más ábhartha d'fhonn fritháireamh CORSA a chomhlíonadh i leith a n-astaíochtaí le haghaidh 2021. Mar a bheartaítear i gcaighdeáin agus i gcleachtais mholta CORSA, ba cheart do Bhallstáit den Aontas Eorpach a bhfritháireamh i leith astaíochtaí 2021 a ríomh agus a chur in iúl d'aerlínte sceidealaithe faoin 30 Samhain 2022; ina dhiaidh sin, ba cheart do na haerlínte sceidealaithe sin an líon creidmheasanna dá réir sin a chur ar ceal faoin 31 Eanáir 2025.

I ngeall ar phaindéim COVID-19, tháinig laghdú 64 % ar astaíochtaí CO₂ i gCóras Trádála Astaíochtaí na heitlíochta in 2020 i gcomparáid le 2019³. I mí na Samhna 2020, d'fhoilsigh an Eagraíocht Eorpach um Shábháilteacht na hAerloingseoireachta (Eurocontrol) a réamhaisnéis maidir le téarnamh earnáil eitlíochta na hEorpa le haghaidh na mblianta 2020-2024⁴. Tugtar tuairisc ann ar an tionchar a bhí ag paindéim COVID-19 ar aerthrácht. De réir na réamhaisnéise, fiú sa chás is dóchasaí ar fad, ní bhainfí leibhéil astaíochtaí 2019 amach roimh 2024, ach tuartar téarnamh den sórt sin faoi 2029 sa chás is measa.

Cé nach ndéantar foráil i meastacháin maidir le haon cheanglas fritháirithe CORSA iarbhír le linn na tréimhse 2021-2023, ba cheart ina ainneoin sin oibleagáid dhlíthiúil a bheith i ndlí an

¹ <https://www.icao.int/environmental-protection/CORSA/Pages/CORSA-and-Covid-19.aspx>

² Cinneadh (AE) 2018/2027 ón gComhairle an 29 Samhain 2018 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta i leith an Chéad Eagráin de na Caighdeáin Idirnáisiúnta agus na Cleachtais Mholta maidir le Cosaint an Chomhshaoil — an Scéim Fritháirithe agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta (CORSA) (IO L 325, 20.12.2018, lch. 25).

³ https://ec.europa.eu/clima/news/emissions-trading-greenhouse-gas-emissions-reduced-2020_en

⁴ <https://www.eurocontrol.int/publication/eurocontrol-five-year-forecast-2020-2024>

Aontais ar na Ballstáit fógra faoi na figiúirí fritháirithe a thabhairt d'aerlínte sceidealaithe atá bunaithe san Aontas faoin 30 Samhain 2022 i leith astaíochtaí le linn 2021. Bunaithe ar an bhfianaise fhíorasach thuas maidir le 2020 agus an chéad leath de 2021, is beag dóchúlacht atá ann go dtiocfaidh aon cheanglas fritháirithe iarbhír de chuid CORSIA chun cinn i leith 2021, agus ní dócha go dtiocfaidh sé chun cinn i leith 2022 ach an oiread. Dá bhrí sin, meastar leis an togra seo a luaithis a bheifear cinnte cad é an figiúr fritháirithe breise i leith na bliana 2021, a bheidh is dócha, nialasach, go gcuirfidh na Ballstáit é sin in iúl d'aerlínte sceidealaithe, le linn 2022. Ba cheart don Chomhairle agus do Pharlaimint na hEorpa an togra seo a ghlacadh nuair a bheidh na sonraí astaíochtaí le haghaidh 2021 ar eolas, is é sin tar éis an 1 Eanáir 2022.

Glacfar an cur chuige céanna i leith blianta ina dhiaidh sin i gcás nach mbeidh na tograí ábhartha i gcomhair 'Oiriúnach do 55' glactha go fóill.

Tá feidhm fós le hoibleagáidí Chóras Trádála Astaíochtaí na n-aerlínte sceidealaithe atá bunaithe san Aontas mar atá i ndlí an Aontais de bhun Threoir 2003/87/CE. Ar na hoibleagáidí sin tá an oibleagáid maidir le faireachán a dhéanamh agus tuairisc a thabhairt ar a gcuid astaíochtaí, lena n-áirítear iad sin a bhaineann le heitiltí idir LEE agus tríú tíortha.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Cuid lárnach de phacáiste 'Oiriúnach do 55' an Aontais is ea athbhreithniú a dhéanamh ar rialacha eitlíochta an Chórais Trádála Eitlíochta. Cuirfear CORSIA chun feidhme trí Threoir AE maidir le Trádáil Astaíochtaí mar chuid den athbhreithniú.

Is é an togra seo an t-aon leasú amháin a bhaineann le CORSIA ba cheart a bheith i bhfeidhm faoin 30 Samhain 2022, ionas go mbeifear in ann fógra a thabhairt maidir le fritháireamh nialasach breise faoin dáta sin.

I measc na leasuithe eile a bhaineann le cur chun feidhme CORSIA tá forálacha maidir le húsáid a bhaint as creidmheasanna idirnáisiúnta le haghaidh eitiltí lasmuigh de LEE; oibleagáidí maidir le tabhairt suas le haghaidh eitiltí lasmuigh de LEE; an chaoi a láimhseáiltear aerlínte sceidealaithe nach bhfuil bunaithe san Aontas le haghaidh eitiltí amach as an Eoraip; an chaoi a láimhseáiltear aerlínte sceidealaithe atá bunaithe san Aontas ar bhealaí nach gcuirtear CORSIA i bhfeidhm orthu ar an mbealach céanna; agus cumhdach na Treorach maidir le heitiltí aerlínte sceidealaithe an Aontais idir dhá thríú tír. Tá na leasuithe eile seo a bhaineann le cur chun feidhme CORSIA ar áireamh i dtogra níos leithne le haghaidh Treorach chun Treoir 2003/87/CE a leasú a mhéid a bhaineann le rannchuidiú na heitlíochta do chuspóir laghdaithe astaíochtaí an Aontais ar fud an gheilleagair agus beart domhanda margadhbhunaithe a chur chun feidhme go hiomchuí.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Ní ardaítear aon saincheist maidir le comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais leis an togra seo atá an-sonrach.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é Airteagal 192 CFAE an bunús dlí don togra seo. I gcomhréir le hAirteagal 191 agus Airteagal 192(1) CFAE, rannchuideoidh an tAontas Eorpach, *inter alia*, leis na cuspóirí a leanas a shaothrú: cáilíocht an chomhshaoil a chaomhnú, a chosaint agus a fheabhsú; bearta a chur chun cinn ar an leibhéal idirnáisiúnta chun dul i ngleic le fadhbanna comhshaoil

réigiúnacha nó fadhbanna comhshaoil ar fud an domhain, agus go háirithe leis an athrú aeráide a chomhrac.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Fadhb thrasteorann is ea an t-athrú aeráide agus féadfaidh gníomhaíocht an Aontais an ghníomhaíocht réigiúnach, náisiúnta agus áitiúil a chomhlánú agus a dhaingniú go héifeachtach. Ba cheart gníomhaíocht ar son na haeráide a chomhordú ar an leibhéal Eorpach agus, i ngach cás inar féidir é, ba cheart gníomhaíocht éifeachtach a éascú ar an leibhéal domhanda. Tá údar le gníomhaíocht ón Aontas Eorpach ar fhorais na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. Ó 1992 i leith, tá an tAontas Eorpach ag obair chun réitigh chomhpháirteacha a fhorbairt agus gníomhaíocht dhomhanda a chur ar aghaidh chun dul i ngleic leis an athrú aeráide. Go sonrach, le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais, déanfar foráil maidir leis na cuspóirí laghdaithe astaíochtaí atá ann le haghaidh 2030 agus maidir leis na cinn fhadtéarmacha a bhaint amach ar bhealach costéifeachtach, agus an chothromaíocht agus sláine an chomhshaoil á n-áirithiú. In Airteagail 191 go 193 de CFAE, deimhnítear agus sonraítear inniúlachtaí an Aontais i réimse an athraithe aeráide.

- **Comhréireacht**

Cloíonn an togra seo le prionsabal na comhréireachta toisc nach dtéann sé thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí i ndáil le sprioc an Aontais chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú a bhaint amach ar bhealach atá costéifeachtach, fad is a áirithítear cothroime agus sláine comhshaoil an tráth céanna.

- **An rogha ionstraim**

Meastar gurb é Cinneadh ón bParlaimint agus ón gComhairle tríd an ngnáthnós imeachta reachtach⁵ an ionstraim iomchuí chun an Treoir AE maidir le Trádáil Astaíochtaí a leasú, toisc go dtabharfaidh na Ballstáit faoi na gníomhaíochtaí a éilítear. Tá an rogha sin i gcomhréir le fasaigh trí Chinneadh roimhe seo a bhaineann leis an gCóras Trádála Astaíochtaí (an Cinneadh maidir le ‘siarchoinneáil lamháltas’⁶, an Cinneadh maidir le Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh⁷ agus an chéad Chinneadh ETS ‘stad-an-clog’⁸).

⁵ Murab ionann agus gníomhartha nach raibh dírithe ach ar sheasaimh i gcomhlachtaí idirnáisiúnta faoi Airteagal 218(9) den Chonradh, nach raibh baint ach ag an gComhairle leo, e.g. Cinneadh ón gComhairle ag tabhairt fógra maidir le difríochtaí do ICAO.

⁶ Cinneadh Uimh. 1359/2013/AE lena leasaítear Treoir 2003/87/CE lena dtugtar soiléiriú maidir le forálacha ar uainiú ceantanna maidir le lamháltas gás ceaptha teasa (IO L 343, 19.12.2013, lch. 1).

⁷ Cinneadh (AE) 2015/1814 i ndáil le cúlchiste cobhsaíochta margaidh a bhunú agus a fheidhmiú le haghaidh scéim trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus lena leasaítear Treoir 2003/87/CE (IO L 264, 9.10.2015, lgh. 1–5).

⁸ Cinneadh 377/2013/AE lena maolaítear go sealadach ar Threoir 2003/87/CE lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal (IO L 113, 25.4.2013, lgh. 1–4).

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Ní dhearnadh aon mheastóireacht *ex post* ná seiceáil oiriúnachta a bhaineann leis na tograí seo i ngeall nach raibh an reachtaíocht atá ann cheana i bhfad curtha chun feidhme, agus, dá dheasca sin, ní raibh ach sonraí teoranta ar fáil.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Chuathas i gcomhairle le geallsealbhóirí maidir leis na roghanna beartais chun CORSIA a chur chun feidhme trí EU ETS de réir mar is iomchuí. Foilsíodh an measúnú ar thionchar tionscanta maidir leis na rialacha cothrom le dáta le haghaidh ETS eitlíochta an 3 Iúil 2020 lenar ghabh tréimhse aiseolais a mhairfidh go dtí an 28 Lúnasa 2020, agus rinneadh an comhairliúchán poiblí oscailte trí shuirbhé ar líne idir an 1 Deireadh Fómhair 2020 agus an 14 Eanáir 2021. Tá achoimre ar thorthaí na gcomhairliúchán le geallsealbhóirí in iarscríbhinn a ghabhann leis an measúnú tionchair a ghabhann leis an togra i gcomhair Treorach chun Treoir 2003/87/CE a leasú a mhéid a bhaineann le rannchuidiú na heitlíochta le cuspóir laghdaithe astaíochtaí an Aontais ar fud an gheilleagair agus beart domhanda margadhbhunaithe a chur chun feidhme go hiomchuí⁹.

- **Measúnú tionchair**

Baineann ábhar an togra seo leis an bhfógra atá le tabhairt ag na Ballstáit maidir le fritháireamh agus níl aon tionchar comhshaoil ná eacnamaíoch aige i gcomparáid leis an gcás atá ann faoi láthair.

Rinneadh measúnú ar na roghanna beartais maidir le CORSIA a chur chun feidhme agus ceantáil eitlíochta mhéadaithe sa mheasúnú tionchair a ghabhann leis an togra i gcomhair Treoir chun Treoir 2003/87/CE a leasú a mhéid a bhaineann le rannchuidiú na heitlíochta le cuspóir an Aontais maidir le hastaíochtaí a laghdú ar fud an gheilleagair agus beart domhanda margadhbhunaithe a chur chun feidhme go hiomchuí¹⁰.

- **Ceartha bunúsacha**

Urramaítear leis an togra seo na ceartha bunúsacha agus cloítear leis na prionsabail a aithnítear go háirithe i gChart um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Go háirithe, cuirtear leis an togra seo leis an gcuspóir go dtabharfaí ardleibhéal cosanta don chomhshaol i gcomhréir le prionsabal na forbartha inbhuanaithe, mar a leagtar síos in Airteagal 37 de Chart um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh¹¹.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleacht bhuiséadach ag an togra seo.

⁹ Doiciméad Inmheánach Oibre [tagairt le cur isteach]

¹⁰ Doiciméad Inmheánach Oibre [tagairt le cur isteach]

¹¹ IO C 326, 26.10.2012, lch. 391.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socrúithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Is féidir le húdaráis náisiúnta agus le hoibreoírí aerárthaigh an bonneagar atá ann cheana a úsáid i dtaca le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí na n-oibreoírí aerárthaigh. Toisc nár beartaíodh aon idirbheart, ní éilítear aon socrú clárlainne.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Cuirtear mír nua le hAirteagal 12 de Threoir 2003/87/CE a chuireann oibleagáid dhlíthiúil ar údaráis náisiúnta na mBallstát chun fógra a thabhairt [is dóigh thar aon ní eile: nialasach] maidir le fritháireamh breise le haghaidh oibreoírí aerárthaigh atá bunaithe san Aontas i leith a n-astaíochtaí 2021.

Na hoibreoírí aerárthaigh a gheobhaidh fógra is ea na hoibreoírí aerárthaigh dá dtagraítear in Airteagal 1 de Rialachán Tarmligthe 2019/1603 ón gCoimisiún, lena gcuirtear CORSIA chun feidhme de réir mar is iomchuí i leith faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí.

Togra le haghaidh

CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

Iena leasaítear Treoir 2003/87/CE a mhéid a bhaineann leis an bhfógra maidir le fritháireamh i leith beart domhanda margadhbhunaithe d'oibreoirí aerárthaigh atá bunaithe san Aontas

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa¹,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún²,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tá an Scéim Fritháirithe agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta (CORSA) de chuid na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) ag feidhmiú ó bhí 2019 ann a mhéid a bhaineann le faireachán, tuairisciú agus fíorú astaíochtaí agus tá sé beartaithe a bheith ina hionstraim mhargadhbhunaithe a chuirfear i bhfeidhm go domhanda arb é is aidhm di astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ón eitlíocht idirnáisiúnta ón 1 Eanáir 2021 a fhritháireamh os cionn leibhéal astaíochtaí socraithe le creidmheasanna fritháirithe áirithe.
- (2) Faoi réir na ndifríochtaí atá idir reachtaíocht an Aontais agus CORSA, a fógraíodh do ICAO tar éis Cinneadh (AE) 2018/2027 ón gComhairle³, agus an bhealaigh ina leasaíonn Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle reachtaíocht an Aontais, tá sé i gceist ag an Aontas CORSA a chur chun feidhme.
- (3) Glacadh Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1603 ón gCoimisiún⁴ chun rialacha CORSA maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí eitlíochta a chur chun feidhme go hiomchuí. Ríomhtar an fritháireamh de réir bhrí na

¹ IO C [...], [...], lch. [...].

² IO C [...], [...], lch. [...].

³ Cinneadh (AE) 2018/2027 ón gComhairle an 29 Samhain 2018 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta i leith an Chéad Eagráin de na Caighdeáin Idirnáisiúnta agus na Cleachtais Mholta maidir le Cosaint an Chomhshaoil — an Scéim Fritháirithe agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta (CORSA) (IO L 325, 20.12.2018, lch. 25).

⁴ Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1603 ón gCoimisiún an 18 Iúil 2019 lena bhforlíontar Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bearta a ghlac an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú astaíochtaí eitlíochta chun críche beart domhanda margadhbhunaithe a chur chun feidhme (IO L 250, 30.9.2019, lch. 10).

gCaighdeán agus na gCleachtas Molta i gcomhair CORSIA⁵ ar bhonn na n-astaíochtaí CO₂ arna bhfóru i gcomhréir leis an Rialachán sin.

- (4) I ngeall ar an laghdú mór a tháinig ar astaíochtaí eitlíochta in 2020 de bharr phaindéim COVID-19, chinn Comhairle ICAO ag a seisiún i mí an Mheithimh 2020, an 220ú seisiún dá cuid, gur cheart astaíochtaí 2019 a úsáid mar bhonnlíne chun an fritháireamh a bheidh le déanamh ag oibreoirí aerárthaigh le haghaidh na mblianta 2021-23 a ríomh.
- (5) Maidir le hastaíochtaí eitlíochta, ní dócha go ndéanfar leibhéil chomhchoiteanna 2019 a sháru in 2021. Dá bhrí sin, meastar gur nialasach a bheidh fritháireamh breise na n-oibreoirí aerárthaigh le haghaidh na bliana 2021.
- (6) Ba cheart do na Ballstáit CORSIA a chur chun feidhme trí fhógra a thabhairt d'oibreoirí aerárthaigh atá lonnaithe sna Ballstáit sin faoina bhfritháireamh i leith na bliana 2021 faoin 30 Samhain 2022.
- (7) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Chinnidh seo a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr a fhairsinge agus a éifeachtaí, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Cinneadh seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.
- (8) Chun cinnteacht a áirithiú maidir leis an leibhéal fritháirithe i leith na bliana 2021, ba cheart an Cinneadh seo a ghlacadh tar éis an 1 Eanáir 2022 nuair a bheidh an leibhéal iomlán astaíochtaí le haghaidh na bliana 2021 ar eolas.
- (9) Tá sé tábhachtach deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú do na húdaráis náisiúnta agus d'oibreoirí aerárthaigh a mhéid a bhaineann leis an bhfritháireamh CORSIA le haghaidh na bliana 2021 agus sin a dhéanamh a luaithe is féidir le linn 2022. Ba cheart, dá réir sin, go dtiocfadh an Cinneadh seo i bhfeidhm gan mhoill.
- (10) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 2003/87/CE a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Airteagal 12 de Threoir 2003/87/CE, cuirtear mír 6 seo a leanas leis:

‘6. Faoin 30 Samhain 2022, tabharfaidh na Ballstáit fógra d'oibreoirí aerárthaigh go mbeidh, i leith na bliana 2021, fritháireamh [nialasach] acu de réir bhrí Chaighdeáin agus Chleachtais Mholta ICAO maidir le Cosaint Chomhshaoil i gcomhair na Scéime Fritháirithe agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta. Tabharfaidh na Ballstáit fógra d'oibreoirí aerárthaigh a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá teastas aeroibreora arna eisiúint ag Ballstát ag an oibreoir aerárthaigh nó tá sé cláraithe i mBallstát, lena n-áirítear na réigiúin, na spleáchríocha agus na críocha is forimeallaí de chuid an Bhallstáit sin;

⁵ An Chéad Eagrán de na Caighdeáin agus na Cleachtais Mholta maidir le Cosaint an Chomhshaoil — An Scéim Fritháirithe agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta i gcomhair na hEitlíochta Idirnáisiúnta (Iarscríbhinn 16, Imleabhar IV a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago).

(b) táirgeann siad astaíochtaí bliantúla CO₂ is mó ná 10 000 tona ó úsáid aerárthaí ag a bhfuil uasmhais dheimhnithe éirí de thalamh is mó ná 5 700 kg a dhéanann eitiltí a chumhdaítear le hIarscríbhinn I, seachas na heitiltí sin a fhágann Ballstát amháin agus a thuirlingíonn sa Bhallstát sin (lena n-áirítear na réigiúin is forimeallaí den Ballstát céanna), ón 1 Eanáir 2019 amach.

Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (b), ní thabharfar astaíochtaí CO₂ san áireamh ó na cineálacha eitiltí a leanas:

- (i) eitiltí stáit;
- (ii) eitiltí daonna;
- (iii) eitiltí leighis;
- (iv) eitiltí míleata;
- (v) eitiltí comhraic dóiteáin.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*